


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an dara bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann.

- Aonad 1: Cineálacha clisteachta
- Aonad 2: Foireann uirlisí oideachasóra
- Aonad 3: Ar an gcás

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.

- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Más amhlaidh go bhfuil beochan ar shleamhnán, cuirfear é sin in iúl i nótaí an mhúinteora.
- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, tá de rogha agat fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad atá ullmhú le déanamh ina leith roimh ré, cuirfear é in iúl duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 1: Scileanna agus Buanna Faoi Cheilt

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig


### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...
- ár gcineálacha éagsúla éirimí a aithint
- dúshláin a chur romhainn chun réimse éirimí a fhorbairt nó a neartú
- na háiteanna a aithint inar féidir linn ár n-éirimí a chleachtadh nó a neartú ar scoil
- naisc a dhéanamh idir ár n-éirimí agus poist/gairmeacha amach anseo
- anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí le haghaidh deiseanna chun éirimí éagsúla a chomhtháthú


| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-12 | 1 | Teoiric na n-Iléirimí de chuid Gardner a phlé agus féin-mheasúnú a dhéanamh chun ár n-éirimí féin a aithint. **NB: Cóipeanna den fhéin-mheasúnú a phriontáil roimh ré** |
| 13-14 | 2 | Dúshláin a chur romhainn féin chun tasc a dhéanamh a bhraitheann ar éirim aonair |
| 15 | 3 | Conas a bhainistíonn múinteoirí na cineálacha éagsúla éirimí sa rang a phlé |
| 16 | 4 | Naisc a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla éirimí, an méid a dhéanaimid ar scoil agus poist/gairmeacha féideartha amach anseo |
| 17 | 5 | Machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim san aonad seo agus anailís a dhéanamh ar an modheolaíocht machnaimh le haghaidh deiseanna chun freastal ar na cineálacha éagsúla éirimí |
| 18 | 6 | Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama |
| 19 | Ceacht le cois | Teastais a chruthú chun ár gcineálacha clisteachta a aithint |

### Táscairí Folláine
- Athléimneach
- Nasctha
- Ardmheas
- Feasach

### Eochairscileanna
- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Faisnéis agus smaoineamh a bhainistiú
- A bheith uimheartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 1, Réamheolas
Haigh, is mise Sara.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint. Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Obair Beirte
Obair ghrúpa
Plé ranga
Léamh
Láithreoireacht a dhéanamh
Gníomhaíocht le cois

**SLEAMHNÁN 3**




**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

*Síceolaí Meiriceánach is ea Howard Gardner (1943-) a d'oibrigh i Scoil Oideachais Harvard. Tá an-spéis aige sa chaoi a n-oibríonn an inchinn. Níor cheap sé gur bhealach maith iad na tástálacha éirime a bhí ann cheana féin chun cumas daoine a thomhas. Cheap sé go raibh siad róchúng agus gur cuireadh an cheist mhícheart – thomhaistí a chliste nó a éirimiúla is a bhí duine, ach cheap Gardner gurbh fhearr tomhas a dhéanamh ar an gcineál clisteachta nó éirime atá ag an duine. Chum sé teoiric ar a dtugtar teoiric na n-Iléirimí. Dúirt sé go bhfuil 8 n-éirim nó bealach foghlama agus teacht chun feasachta ann.*

Léigh os ard na 8 gcineál éirime, mar seo a leanas:

- *Clisteacht Coirp (ar a dtugtar Éirim Chorp-chinéistéiseach freisin)*
- *Clisteacht Focal (ar a dtugtar Éirim Bhriathartha-Theangeolaíoch freisin)*
- *Clisteacht Daoine (ar a dtugtar Éirim Idirphearsanta freisin)*
- *Féinchlisteacht (ar a dtugtar Éirim Idirphearsanta freisin)*
- *Clisteacht Éisteachta (ar a dtugtar Éirim an Cheoil freisin)*
- *Clisteacht Íomhá (ar a dtugtar Éirim Amharcspásúil freisin)*
- *Clisteacht Loighice (ar a dtugtar Éirim Loighciúil-Matamaiticiúil freisin)*
- *Clisteacht Nádúir (ar a dtugtar Éirim Nádúraíoch freisin)*

- *I mbeirteanna, pléigh na tréithe a d'fhéadfadh a bheith ag duine a bhfuil gach ceann de na cineálacha éagsúla éirimí seo acu. Cad é aige a mbeadh siad maith? Conas an bealach is fearr foghlama a bheadh acu?*

*Nuair a bhíonn tú ag gabháil d'fhoghlaim a úsáideann faisnéis nó cineál éirime a bhfuil tú go maith aige, mothaíonn tú spreagtha, bíonn suim agat, agus bíonn tú in ann aird a dhíriú, bíonn tuiscint níos fearr agat, agus bíonn níos mó seans ann go gcuimhneoidh tú ar an méid a fhoghlaimíonn tú.*

*Agus tú ag obair i d'aonar, glac nóiméad chun smaoineamh ar na 2-3 chineál clisteachta (éirime) is láidre a mbaineann leat - scríobh síos iad sin agus coinnigh in áit shábháilte iad.*

*Ar mhaith leat foghlaim faoin gcineál clisteachta atá agat? Cén fáth?*

*Déanfaimid féinmheasúnú Cineálacha Clisteachta anois, ionas go mbeidh cur amach againn ar na cineálacha clisteachta a mbaineann linn féin.*

Déan cóipeanna de na Cineálacha Clisteachta a roinnt nó a thabhairt amach: Féinmheasúnú (ar fáil i bhfillteán Pathways, aonad 1 an dara bliain) do gach scoláire.

*Tá 10 ráiteas san Fhéinmheasúnú le haghaidh gach cineál clisteachta. Léigh gach ráiteas, ansin roghnaigh go tapa an bhfuil siad fíor nó bréagach. Ná déan dianmhachnamh air – roghnaigh an chéad smaoineamh a ritheann leat – ach bí chomh ionraic agus is féidir agus sibh ag freagairt na gceisteanna le go bhfaighidh sibh toradh cruinn. Déan iarracht gan aon cheist a fhágáil gan fhreagra.*

*I gcás gach cineál Clisteachta, déan nóta de líon iomlán na ráiteas ar chuir tú tic <u>fíor</u> leo.*


Tabhair dóthain ama do na scoláirí chun an Féinmheasúnú a dhéanamh, ansin déan plé leis an rang iomlán agus tú ag baint úsáid as na leidcheisteanna seo a leanas:

- *An bhfuil na 2-3 toradh is fearr agat ag teacht leis an méid a thuar tú sula ndearna tú an féinmheasúnú?*
- *Cad é a léiríonn sé sin faoin tuiscint atá agat ar do chumas/d'éirim féin?*
- *Cad é a d'fhoghlaim tú faoi iléirimí tar éis an féinmheasúnú a dhéanamh?*

*Is dócha gur thug tú faoi deara go raibh cosúlacht éigin idir na ráitis féinmheasúnaithe agus na cineálacha éagsúla éirimí. Tá sin amhlaidh toisc go gclúdaíonn siad an tábhar céanna, agus is minic a úsáidimid níos mó ná éirim amháin ag an am céanna.*

*Agus muid ag dul tríd an eolas ar an gcéad chúpla sleamhnán eile, féach cé acu atá ag teacht le do chineál clisteachta féin sa chur síos ar na 8 gcineál clisteachta. Cé go bhfuil claonadh nádúrtha ionat i leith cineálacha áirithe clisteachta, níl aon chúis ann nach féidir*

*leat feabhas a chur ar na 8 n-éirim. Dúirt an saoi, Albert Einstein, 'Is é an cumas athrú tomhas na héirime'. Níl san fhéinmheasúnú ach léargas ar do chumas faoi láthair, mar sin tabhair aird ar aon leideanna nó bealaí a d'fhéadfadh cabhrú leat do chlisteacht a fhorbairt le himeacht ama.*





**SLEAMHNÁN 5**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Coirp, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 6**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Focal, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 7**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Daoine, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú san Fhéinchlisteacht, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Éisteachta, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Íomhá, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*





**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Loighce, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*




**SLEAMHNÁN 12**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, beag beann ar an scór Féinmheasúnaithe a fuair tú sa Chlisteacht Nádúir, is féidir an cineál seo éirime a fhorbairt.*




**SLEAMHNÁN 13**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

Roinn an rang in 8 ngrúpa, ceann amháin le haghaidh gach iléirime.

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá cinneadh a dhéanamh scoláirí a scaradh go randamach nó (go hidéalach) iarraidh ar na scoláirí dul chuig an ngrúpa a léiríonn an scór Féinmheasúnaithe is ísle atá acu.

*Is annamh a bhainimid úsáid as éirim amháin as féin, ach sa ghníomhaíocht seo, déanfaimid iarracht é sin a dhéanamh. Tá tasc ag gach grúpa atá dírithe ar chineál áirithe clisteachta a úsáid nó a ghníomhachtú.*

* **Cliceáil** chun na tascanna do na grúpaí Coirp, Focal, Daoine agus Féinchlisteachta a thaispeáint

*Déan cinnte go ndéanann duine éigin cóip den tasc do do ghrúpa.*

Téigh go dtí an chéad sleamhnán eile chun na tascanna le haghaidh na ngrúpaí Éisteachta, Íomhá, Loighce agus Nádúir a fheiceáil.




**SLEAMHNÁN 14**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**


* **Cliceáil** chun na tascanna le haghaidh na ngrúpaí Éisteachta, Íomhá, Loighce agus Nádúir a fheiceáil

*Déan cinnte go ndéanann duine éigin cóip den tasc do do ghrúpa.*

Tabhair dóthain ama do na scoláirí a gcuid tascanna a dhéanamh. Is féidir leis na scoláirí a chríochnaíonn go luath tasc eile a dhéanamh (is dócha gur scoláirí iad sin sa ghrúpa Féinchlisteachta).

Nuair a bheidh na tascanna críochnaithe acu, tabhair cúpla nóiméad do na scoláirí cur i láthair gearr a ullmhú mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Conas mar a d'éirigh leat leis an tasc seo?*
- *Cad é a cheapann tú faoi fhoghlaim leis an gcineál seo clisteachta?*




**SLEAMHNÁN 15**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh os ard an tagairt ar an sleamhnán.

Déan plé ranga uile a éascú, ag baint úsáide as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad iad an dá phríomhphointe a rinne an múinteoir Sara ina freagra ar an gceist an bhfuil an teagasc mar a cheap sí a bheadh sé?*
- *Cad é nó cé a chabhraigh le Sara tuiscint níos fearr a fháil ar an múinteoireacht sula ndearna sí an cinneadh a bheith ina múinteoir?*
- *Cén cineál clisteachta (éirime) atá ag múinteoir a labhraíonn go leor?*
- *Cén cineál clisteachta (éirime) atá ag scoláire a fhoghlaimíonn go maith nuair a bhíonn múinteoir ag labhairt? Cén fáth?*
- *An dóigh leat go labhraíonn múinteoirí maithe go leor sa rang? Cén fáth?*
- *D'athraigh Sara an bealach a mhúineann sí thar na blianta. An gceapann tú gur éirigh sí níos fearr ag a post? Cén fáth?*
- *An gceapann tú go bhfuil sé éasca nó deacair 'na foghlaimeoirí ar fad' sa rang a mhúineadh ag an am céanna? Cén fáth?*
- *Cén chomhairle a chuirfeá ar Shara chun cabhrú léi 'na foghlaimeoirí ar fad' a mhúineadh lena gcineálacha éagsúla éirimí?*
- *Deir Sara gur turas í an mhúinteoireacht – cad é a cheapann tú atá i gceist aici?*
- *An aontaíonn tú gur turas í an mhúinteoireacht?*

- *An dóigh leat gur turas í an fhoghlaim freisin? Cén fáth?*

**NB:** Ag brath ar an rang, thiocfadh leis seo a bheith ina dheis iontach rud éigin a roinnt faoi d'eispéiris foghlama agus teagaisc féin agus iarraidh ar na scoláirí a rá conas a d'athraigh siad féin mar fhoghlaimeoirí le himeacht ama.

**Aonad 1, Gníomhaíocht 4: Bileog Oibre**

| Cineálacha clisteachta | Ábhair nó cúrsaí gearra ina n-úsáidimid cheana féin nó inar féidir linn an cineál clisteachta seo a úsáid nó a fhorbairt i ndáiríre | Gníomhaíochtaí traschuraclaim nó seach-churaclaim ina n-úsáidimid cheana féin nó inar féidir linn an cineál clisteachta seo a úsáid nó a fhorbairt i ndáiríre | Gairmeach nó slite beatha a théann leis an gcineál clisteachta seo |
|---|---|---|---|
| Clisteacht Coirp | | | |
| Clisteacht Focal | | | |
| Clisteacht Daoine | | | |
| Féinchlisteacht | | | |
| Clisteacht Fuaime | | | |
| Clisteacht Íomhá | | | |
| Clisteacht Loighce | | | |
| Clisteacht Nádúir | | | |
| Cineálacha clisteachta eile... | | | |

**SLEAMHNÁN 16**

**Nótaí an mhúinteora**

**NB**: Ag brath ar an rang, d'fhéadfá a iarraidh ar na scoláirí an tábla ar an sleamhnán a chóipeáil isteach ina gcóipleabhar agus an bhileog oibre a líonadh ina n-aonar/ina mbeirteanna, nó d'fhéadfá an ghníomhaíocht seo a dhéanamh leis an rang iomlán agus freagraí na scoláirí a chur isteach sa tábla leis an sleamhnán sa ghnáthmhodh.


Tá spás ag bun an tábla le haghaidh 'cineál eile clisteachta.' B'fhéidir gur mhaith leis na scoláirí rud éigin a bhraitheann siad nach bhfuil clúdaithe ag Teoiric na nIléirime de chuid Gardner a scríobh ansin.

Nuair a bheidh an tábla líonta, tosaigh plé leis an rang iomlán ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad é, más rud ar bith, a chuireann iontas ort sa tábla? Cén fáth?*
- *Cad é an tsraith ab éasca a líonadh? Cén fáth?*
- *An bhfuil aon rud a bhí deacair a líonadh? Cén fáth?*
- *An bhfuil naisc idir cineál clisteachta atá ina thréith láidir ionat agus ábhar nó gearrchúrsa atá an-suimiúil/taitneamhach duit?*
- *An bhfuil naisc idir cineál clisteachta atá ina thréith láidir ionat agus gníomhaíochtaí traschuraclaim nó seach-churaclaim ar scoil atá ansuimiúil/taitneamhach duit?*

- *An bhfuil naisc idir cineál clisteachta atá ina thréith láidir ionat agus post nó gairm bheatha a cheapann tú a mbeadh suim agat ann agus a mbainfeá taitneamh as?*

*Cad a d'fhoghlaim tú tríd an ngníomhaíocht seo a dhéanamh?*




**SLEAMHNÁN 17**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

Roinn an rang i mbeirteanna.

Iarr ar gach beirt cóipleabhar nó píosa páipéir a fháil agus a choinneáil i bhformáid tírdhreacha (mar atá sa sleamhnán).

*Tarraing líne síos lár an leathanaigh agus scríobh 'Níos mó...' ar thaobh na láimhe clé agus 'Níos lú...' ar thaobh na láimhe deise.*

Cuir i gcuimhne don rang cad é a chlúdaigh siad san aonad seo, mar seo a leanas:

*D'fhoghlaimíomar faoi theoiric na n-iléirimí de chuid Gardner, smaoiníomar ar an gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm orainn anois agus ar an gcaoi a rachaidh sé i bhfeidhm orainn amach anseo agus thosaíomar ag smaoineamh ar an tionchar a bhíonn aige ar an rang nuair a phleanálann múinteoirí le haghaidh na gcineálacha éagsúla clisteachta in aon rang ar leith. D'oibrigh sibh in bhur n-aonar, i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus mar rang iomlán. Phléigh sibh, léigh sibh, scríobh sibh agus rinne sibh cur i láthair. Agus anois tarraingeoidh sibh!*

*Tosóimid ag smaoineamh ar na rudaí a thaitin leat a fhoghlaim nó a dhéanamh san aonad seo.*

*Déan iad seo a roinnt le do phéire, más féidir, agus mínigh cén fáth ar thaitin na gnéithe seo den aonad leat.*
*Sa cholún 'Níos mó...', tarraing deilbhíní nó siombailí chun gach ceann de na rudaí a thaitin leat a léiriú. Ní gá gur píosa ealaíne iontach é ach go díreach go n-aithneoidh tú féin é.*


*Anois, smaoinigh ar na rudaí nár thaitin leat a fhoghlaim ná a dhéanamh san aonad seo.*
*Abair iad sin le do phéire, más féidir, agus mínigh cén fáth nár thaitin na gnéithe sin den aonad leat. .*
*Sa cholún 'Níos lú…' Tarraing deilbhíní nó siombail chun ionadaíocht a dhéanamh do na nithe seo.*

*** Cliceáil** chun na deilbhíní don 8 gclisteacht a thaispeáint

Cuir tús le plé gearr ranga, mar seo a leanas:

- *Cad iad na cineálacha clisteachta ar labhair muid fúthu sa ghníomhaíocht 'Níos mó... nó Níos lú...'? [Freagraí féideartha:* Clisteacht Daoine (toisc gur oibrigh muid i mbeirteanna),
  Féinchlisteacht (toisc go raibh orainn rudaí a aithint ar bhain muid taitneamh astu nó nár bhain), Clisteacht Íomhá (toisc go raibh muid ag tarraingt)]
- *An féidir leat smaoineamh ar bhealach ar bith a bhféadfaí an ghníomhaíocht 'Níos mó ... nó Níos lú...' a chur in oiriúint chun cineálacha eile clisteachta a thabhairt isteach?*

Má thagann scoláirí ar smaointe chun an mhodheolaíocht le haghaidh cineálacha breise éirime a chur in oiriúint, mol iad agus fiafraigh díobh ar smaoinigh siad riamh ar an múinteoireacht mar shlí bheatha.





**SLEAMHNÁN 18**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na daltaí ordóg a thabhairt duit má bhraitheann siad go bhfuil an rún foghlama bainte amach acu, ordóg anuas má tá tacaíocht fós ag teastáil uathu agus dorn mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 19**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 1 (Sleamhnán 4) agus Gníomhaíocht 4 (Sleamhnán 16).

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath

DCU

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS